



AN MARGADH INMHEÁNACH: PRIONSABAIL GHINEARÁLTA

Is limistéar rathúnais agus saoirse é an margadh inmheánach, lena dtugtar rochtain ar earraí, ar sheirbhísí, ar phoist, ar dheiseanna gnó agus ar shaibhreas cultúrtha. Tá gá le hiarrachtaí leanúnacha chun an margadh inmheánach a dhoimhniú tuilleadh, rud a d'fhéadfadh gnóthachain shuntasacha a shaothrú do thomhaltóirí agus do chuideachtaí AE. Go háirithe, cuireann an margadh aonair digiteach deiseanna nua ar fáil chun borradh a chur faoin ngeilleagar (trí ríomhthrachtáil), agus déanann sé an rómhaorlathas a laghdú (trí sheirbhísí ríomhrialachais agus seirbhísí poiblí a dhigitiú) ag an am céanna. Tugtar le fios i dtaighde a rinneadh le déanaí go ngineann prionsabail saorghluaiseachta earraí agus seirbhísí agus reachtaíocht sa réimse sin tairbhí a mheastar gurb é EUR 985 bhiliún in aghaidh na bliana a luach.

BUNÚS DLÍ AGUS CUSPÓIRÍ

Airteagail 4(2)(a), Airteagal 26, Airteagal 27, Airteagal 114 agus Airteagal 115 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Ba é aidhm an chómhargaidh, a cruthaíodh le Conradh na Róimhe in 1958, deireadh a chur le bacainní ar thrádáil idir na Ballstáit chun rathúnas eacnamaíoch a mhéadú agus chun rannchuidiú le 'haontas buandlúite i measc phobail na hEorpa'. Áiríodh san Ionstraim Eorpach Aonair, 1986 cuspóir an margadh inmheánach a bhunú i gConradh Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (CEE), á shainmhíniú mar 'limistéar gan teorainneacha inmheánacha ina ndéantar saorghluaiseacht earraí, daoine, seirbhísí agus caipitil a áirithiú'.

A BHFUIL BAINTE AMACH

A. Cómhargadh 1958

Baineadh amach an cómhargadh, príomhchuspóir Chonradh na Róimhe, trí aontas custaim 1968, trí fháil réidh le cuótaí, trí shaorghluaiseacht saoránach agus oibrithe, agus trí chomhchuidiú áirithe cánach nuair a tugadh isteach Cáin Bhreisluacha (CBL) go ginearálta in 1970. Bhí an tsaoirse trádála ó thaobh earraí agus seirbhísí de agus an tsaoirse bhunaíochta teoranta go fóill, áfach, mar gheall ar chleachtais frithiomaíochta leanúnacha a bhí á bhforchur ag na húdaráis poiblí.

B. Seoladh an mhargaidh inmheánaigh sna 1980idí agus an Ionstraim Eorpach Aonair

Deirtear gurbh iad modh an chomhchuidithe reachtaigh a roghnaíodh, a bhí rómhionsonrach, agus riail na haontoilíochta maidir le cinntí na Comhairle ba chúis,



den chuid is mó, leis an easpa dul chun cinn maidir leis an margadh inmheánach a bhaint amach. I lár 1980idí de bharr na díospóireachta polaitiúla, thosaigh Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (CEE) ag meas cur chuige níos cuimsithí ina chuspóir maidir le deireadh a chur le bacainní ar thrádáil: an margadh inmheánach.

Tháinig an Ionstraim Eorpach Aonair i bhfeidhm an 1 Iúil 1987, ag leagan síos 31 Nollaig 1992 mar spriocdháta beacht chur i gcrích an mhargaidh inmheánaigh. Rinneadh sásraí cinnteoireachta don mhargadh inmheánach a neartú ag tabhairt isteach vótáil trí thromlach cáilithe le haghaidh comhtharaifí custaim, saorsholáthar seirbhísí, saorghluaiseacht chaipitil agus comhfhogasú ar dhlíthe náisiúnta. Faoin am a bhí an spriocdháta imithe in éag, bhí os cionn 90 % de na gníomhartha reachtacha a liostaítear sa Pháipéar Bán, 1985 glactha, a fhorhmór díobh faoi riail an tromlaigh cháilithe.

C. I dtreo na freagrachta comhroinnte chun an margadh inmheánach a chur i gcrích

Tá an margadh inmheánach tar éis cur go mór le rathúlacht agus comhtháthú gheilleagar an Aontais Eorpaigh. Díríodh i straitéis nua an mhargaidh inmheánaigh, 2003-2010 ar an ngá atá ann saorghluaiseacht earraí a éascú, margaí seirbhísí a chomhtháthú, tionchar na gconstaicí cánach a laghdú agus an timpeallacht rialála a shimpliú. Rinneadh dul chun cinn mór ó thaobh na margaí iompair, teileachumarsáide, leictreachais, gáis agus seirbhísí poist a oscailt don iomaíocht.

Ina theachtairacht dar teideal ‘Rialachas níos fearr don Mhargadh Aonair’ ([COM\(2012\)0259](#)), mhol an Coimisiún bearta cothrománacha amhail béim a leagan ar rialacháin shoiléire nua a d’fhéadfaí a chur chun feidhme go héasca, úsáid níos fearr a bhaint as uirlisí TF atá ann cheana chun feidhmiú chearta an mhargaidh aonair a éascú, agus bunú ionad náisiúnta chun oibriú an mhargaidh aonair a mhaoirsiú. Is cuid dhílis é faireachán de na tuarascálacha bliantúla ar chomhtháthú an mhargaidh aonair i gcomhthéacs phróiseas an tSeimeastair Eorpaigh.

D. Athsheoladh an mhargaidh inmheánaigh in 2010

Chun borradh a chur faoin margadh aonair Eorpach arís agus an pobal, tomhaltóirí agus FBManna a chur i gcroílár bheartas an mhargaidh aonair, d’fhoilsigh an Coimisiún teachtaireacht dar teideal ‘I dTreo Gníomh um Margadh Aonair’ i mí Dheireadh Fómhair 2010 ([COM\(2010\)0608](#)). Tíolacadh sraith beart a bhí ceaptha borradh a chur faoi gheilleagar AE agus poist a chruthú, as a dtiocfadh beartas margaidh aonair níos uailmhianáí.

I mí Dheireadh Fómhair 2012, thíolaic an Coimisiún Gníomh um an Margadh Aonair II ([COM\(2012\)0573](#)) chun an margadh aonair a fhorbairt tuilleadh agus tairbhe a bhaint as a acmhainneacht neamhshaothraithe mar ní a spreagann fás. Sa ghníomh, leagtar amach 12 phríomhbheart lena nglacadh go mear ag institiúidí AE. Díríonn na príomhbhearta sin ar na ceithre phríomhghné a spreagann fás, fostaíocht agus muinín: (1) líonraí comhtháite, (2) soghluaiseacht trasteorann do shaoránaigh agus do ghnólachtaí, (3) an geilleagar digiteach, agus (4) bearta lena ndéantar comhtháthú agus tairbhí do thomhaltóirí a threisiú.

Leanann Gníomh um an Margadh Aonair II sraith tosaigh beart a thíolaic an Coimisiún — Gníomh um an Margadh Aonair I — agus lena n-áirítear na gníomhaíochtaí seo a



leanas a bhfuil sé mar aidhm acu margadh aonair níos críochnúla agus níos comhtháite a bhaint amach:

- soghluaisteacht ghnó (e.g. forálacha a thabhairt isteach chun infheistíocht fhadtéarmach a chur ar fáil, imeachtaí dócmhainneachta a nuachóiriú agus cuidiú chun timpeallacht a chruthú a thugann an dara deis d'fhiontraíthe nach bhfuil ag éirí leo);
- an geilleagar digiteach (mar chéim i dtreo an margadh aonair digiteach a chur i gcrích faoi 2015, mhol an Coimisiún go gcuirfí ríomhthráchtáil chun cinn in AE trí úsáid seirbhísí íocaíochtaí a dhéanamh níos éasca, níos iontaofa agus níos iomaíche. Cuireadh béim freisin ar an ngá le dul i ngleic leis na príomhchúiseanna atá le heaspa infheistíochta i gceangail leathanbhanda ardluais agus sonrascú leictreonach a dhéanamh caighdeánach i nósanna imeachta um sholáthar poiblí);
- muintín tomhaltóirí (e.g. bearta a thabhairt isteach chun rochtain fhorleathana ar chuntais bainc a áirithiú, chomh maith le táillí bainc trédhearcacha inchomparáide, agus malartú cuntas bainc a dhéanamh níos éasca).

Bhí an Coimisiún leis na tograí reachtacha lárnacha ar fad a bhaineann leis an nGníomh um an Margadh Aonair II a thíolacadh faoi earrach na bliana 2013, agus leis na tograí neamhreachtacha faoi dheireadh 2013. Iarradh ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle tograí reachtacha a ghlacadh mar thosaíocht. Rinneadh an dul chun cinn a thíolacadh i staidéar dar teideal '[Gníomh an Mhargaidh Aonair: Staid Reatha](#)'^[1].

An 28 Deireadh Fómhair 2015, d'fhoilsigh an Coimisiún teachtaireacht dar teideal 'An Margadh Aonair a Uasghrádú: tuilleadh deiseanna do dhaoine agus do ghnólachtaí' ([COM\(2015\)0550](#)), a dhírigh ar tairbhí praiticiúla a áirithiú a rachaidh chun leasa daoine ina saol ó lá go lá agus deiseanna breise a chruthú do thomhaltóirí, do ghairmithe agus do ghnólachtaí; Chomhlánaigh sí iarrachtaí an Choimisiúin borradh a chur faoi infheistíocht, deiseanna an Mharaigh Aonair Dhigitigh a thapú, agus iomaíochas agus rochtain ar airgeadas a fheabhsú, Bhí sé d'aidhm ag an straitéis freisin margadh inmheánach dea-fheidhmiúil don fhuinneamh a áirithiú agus soghluaisteacht oibre a éascú agus mí-úsáid na rialacha á cosc ag an am céanna.

Faoi láthair, ceann de na saincheisteanna is dúshlánaí i bhforbairt an mhargaidh inmheánaigh ná an ghné dhigiteach de a chur chun feidhme. I mí na Bealtaine 2015, ghlac an Coimisiún Straitéis maidir le Margadh Aonair Digiteach ([COM\(2015\)0192](#)), ina leagtar amach an dianchlár reachtach chun geilleagar digiteach Eorpach a forbairt, agus a cuireadh i gcrích faoin ochtú téarma parlaiminteach de chuid Parlaimint na hEorpa.

RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Bhí Parlaimint na hEorpa ina ceann feadhna sa phróiseas as ar tháinig an margadh inmheánach. Go sonrath, ina rún an 20 Samhain 1997, thug sí tacaíocht don smaoineamh go n-aistreofaí an margadh inmheánach ina mhargadh baile lán-

[1] Rinne an Roinn Beartais um na Beartais Eacnamaíochta, Eolaíochta agus Chaighdeán Saoil de chuid Parlaimint na hEorpa, thar cheann an Choiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (IMCO) an staidéar a choimisiúnú.



chomhtháite faoi 2002. I roinnt rún a glacadh in 2006 (e.g. rún an 12 Feabhra, an 14 Feabhra, an 16 Bealtaine agus an 6 Iúil), thacaigh Parlaimint na hEorpa leis an smaoineamh gur creat comhchoiteann agus pointe tagartha é an margadh inmheánach do go leor beartas de chuid AE.

Bhí ról gníomhach ag Parlaimint na hEorpa freisin in athsheoladh an mhargaidh inmheánaigh. Ina [rún an 20 Bealtaine 2010](#) maidir le margadh aonair a sholáthar do thomhaltóirí agus do shaoránaigh, leag Parlaimint na hEorpa béim air gur cheart bearta a dhéanamh chun eolas agus cumhacht a thabhairt do thomhaltóirí agus do FBManna ar bhealach níos éifeachtaí, agus chun cur le muinín na dtomhaltóirí. D'eisigh Parlaimint na hEorpa tuilleadh freagraí ar an nGníomh um an Margadh Aonair le trí rún a glacadh an 6 Aibreán 2011: '[Rialachas agus Comhpháirtíocht sa mhargadh aonair](#)', '[Margadh Aonair do mhuintir na hEorpa](#)' agus '[Margadh Aonair d'Fhiontair agus d'Fhás](#)'.

Sa [rún ó Parlaimint na hEorpa an 20 Aibreán 2012](#) maidir le 'margadh digiteach iomaíoch — seirbhísí ríomhrialtais ar thús cadhnaíochta' léiríodh an gá atá le creat dlíthiúil soiléir agus comhleanúnach le haghaidh aitheantas frithpháirteach a thabhairt do dheimhniú leictreonach, sainaitheantas leictreonach agus sínithe leictreonacha, a bhfuil gá leo chun seirbhísí riaracháin trasteorann a áirithiú atá in ann feidhmiú ar fud AE. Leanadh é sin leis an [rún an 22 Bealtaine 2012](#) maidir le Scórchlár an Mhargaidh Inmheánaigh.

An 11 Nollaig 2012, ghlac an Pharlaimint dhá rún neamhrechtacha freisin a bhaineann leis an margadh inmheánach, ceann amháin acu maidir leis [an Margadh Aonair Digiteach a chur i gcrích](#) agus an ceann eile maidir le [Straitéis Saoirse Digití i mBeartas Eachtrach AE](#), inar leag sí béim air go dtacaíonn sí go láidir le prionsabal na neodrachta líonra. Ciallaíonn sé sin nár cheart do sholáthraithe seirbhísí bac a chur ar chumas aon duine seirbhís a úsáid, idirdhealú in aghaidh an chumais sin, dochar don chumas sin ná díghrádú ar an gcumas sin, lena n-áirítear tríd an bpraghas, ionas gur féidir le duine rochtain a fháil ar aon inneachar, aon fheidhmchlár nó aon seirbhís is mian leo, nó iad a úsáid, a sheoladh, a phostáil, a fháil nó a tháirgeadh, gan beann ar an bhfoinse ná an sprioc. Sa rún céanna, d'iarr sí ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle ardchaighdeán saoirse digití in AE a chur chun cinn agus a chaomhnú. Bhí sé mar aidhm leis na rúin sin beartas agus cleachtas a fhorbairt d'fhonn fíormhargadh aonair digiteach a bhunú in AE chun déileáil le sraitheanna éagsúla rialacha náisiúnta i bpríomhréimsí lena n-áirítear CBL, seirbhísí poist agus cearta maoinne intleachtúla. Tugadh isteach prionsabail na neodrachta líonra agus an idirlín oscailte, agus cuireadh deireadh le táillí fánaíochta, mar chuid de phacáiste reachtaíochta lena leagtar síos bearta maidir leis an margadh aonair Eorpach don chumarsáid leictreonach agus bearta chun Ilchríoch Idirnasctha a bhaint amach ([COM\(2013\)0627](#)).

Ghlac an Pharlaimint [rún an 7 Feabhra 2013](#) le moltaí don Choimisiún maidir le rialú an Mhargaidh Inmheánaigh, lena mbunaítear timthriall rialachais um an margadh aonair mar cholún ar leith sa Seimeastar Eorpach. Thairis sin, ghlac Parlaimint na hEorpa [rún an 25 Feabhra 2014](#) maidir le rialachas an Mhargaidh Aonair laistigh den Seimeastar Eorpach 2014, agus [rún 27 Feabhra 2014](#) ar SOLVIT ina dhiaidh sin. Ar deireadh, ghlac Parlaimint na hEorpa [rún an 12 Aibreán 2016](#) dar teideal 'I dtreo rialáil fheabhsaithe an mhargadh aonair' a chuireann béim ar an ngá atá le fáil réidh le rialachas nach bhfuil gá leis, maorlathas agus tionchair dhiúltacha fad a bhaintear cuspóirí beartais



amach agus a chuirtear timpeallacht iomaíoch rialála ar fáil a thacaíonn le fostaíocht agus le fiontraíocht laistigh den Eoraip ag an am céanna. Chun rochtain ar líne ar fhaisnéis, ar nósanna imeachta riaracháin agus ar sheirbhísí cúnamh a theastaíonn ó shaoránaigh agus ó ghnólachtaí a éascú, mhol an Pharlaimint go mbunófar tairseach aonair dhigiteach ([Rialachán \(AE\) 2018/1724](#))^[2].

An 9 Aibreán 2015 ghlac Parlaimint na hEorpa [rún](#) lena n-iarrtar ar an gCoimisiún borradh a chur faoin ríomhthráchtáil. Ansin, ghlac Parlaimint na hEorpa rún an 19 Eanáir 2016 dar teideal '[I dTreo Gníomh um an Margadh Aonair Digiteach](#)', agus go leor beart ina dhiaidh sin arb aidhm dóibh an margadh aonair digiteach a fhorbairt, e.g. i réimsí amháil [an geilleagar comhoibríoch](#)^[3], [ardáin ar líne](#)^[4], [an intleacht shaorga](#)^[5], etc.

Sa staidéar dar teideal '[Costais agus bacainní do ghnólachtaí sa Mhargadh Aonair a laghdú](#)' (a foilsíodh i mí Feabhra 2016), leagtar béim ar acmhainn shuntasach an mhargaidh aonair dhigitigh maidir le laghdú a dhéanamh ar chostais agus bacainní san Aontas do shaoránaigh agus do ghnólachtaí.

I staidéar eile, '[Saolré níos faide do tháirgí: Tairbhí do tomhaltóirí agus do Ghnólachtaí](#)' (a foilsíodh i mí Aibreáin 2016), léirítear an acmhainn atá ag an margadh aonair digiteach chun geilleagar AE a dhéanamh níos glaise. Ghlac an Pharlaimint [rún an 4 Iúil 2017](#) ar an ábhar céanna.

Dar le staidéar eile dar teideal '[An geilleagar sóisialta](#)', a foilsíodh i Márta 2016, d'fhéadfadh an margadh aonair digiteach geilleagar AE a dhéanamh níos sóisialta. Bealach amháin chun an méid sin a bhaint amach is ea forbairt ríomhrialachais agus seirbhísí gaolmhara, faoi mar a thuairiscítear sa staidéar maidir le '[Forbairtí uileláithreacha ar an Margadh Aonair Digiteach](#)' (a foilsíodh i mí Mheán Fómhair 2013).

Tugtar le fios i dtaighde a rinneadh le déanaí go ngineann prionsabail na saorghluaiseachta earraí agus seirbhísí agus reachtaíocht sa réimse sin tairbhí a mheastar gurb é EUR 985 bhilliún in aghaidh na bliana a luach^[6].

Mariusz Maciejewski / Christina Ratcliff
05/2019

[2]Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018 maidir le pointe rochtana aonair digiteach a bhunú chun rochtain ar fhaisnéis, ar nósanna imeachta agus ar sheirbhísí cúnamh agus réitigh fadhbanna a sholáthar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012, IO L 295, 21.11.2018), Ich. 1.

[3]Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Meitheamh 2017 maidir le Clár Eorpach don gheilleagar comhoibríoch, Téacsanna a glacadh, [P8_TA\(2017\)0271](#).

[4]Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Meitheamh 2017 maidir le hardáin ar líne agus an margadh aonair digiteach, Téacsanna a glacadh, [P8_TA\(2017\)0272](#).

[5]Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Feabhra 2019 maidir le beartas cuimsitheach tionsclaíoch Eorpach ar intleacht shaorga agus róбатаic, Téacsanna a glacadh, [P8_TA-PROV\(2019\)0081](#).

[6]Poutvaara P. et al., Cabhrú leis an bhFás: Saorghluaiseacht Earraí. Tairbhí Eacnamaíocha a bhaint amach do Shaoránaigh agus do Ghnólachtaí' (2019), arna ullmhú ag Roinn Beartais A arna iarraidh sin ag Coiste IMCO, um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, [http://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/IDAN/2019/631063/IPOL_IDA\(2019\)631063_EN.pdf](http://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/IDAN/2019/631063/IPOL_IDA(2019)631063_EN.pdf) agus Pelkmans J. et al., Cabhrú leis an bhFás: An Margadh Aonair do Sheirbhísí. Tairbhí Eacnamaíocha a bhaint amach do shaoránaigh agus do ghnólachtaí' (2019), arna ullmhú ag Roinn Beartais A arna iarraidh sin ag Coiste IMCO [http://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/STUD/2019/631054/IPOL_STU\(2019\)631054_EN.pdf](http://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/STUD/2019/631054/IPOL_STU(2019)631054_EN.pdf)

